Eispéireas Foghlama:
Cluiche Dísle

Comhthéacs: Naíonáin Shinsearacha - Céim 1

Trí mheasúnú iomasach agus idirghníomhaíochtaí pleanáilte, thug an múinteoir faoi deara go bhfuil réimse maith stór focal ag na páistí i nGaeilge ach nach n-úsáideann siad abairtí iomlána agus ceisteanna á bhfreagairt acu. Chun tacú leis na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim, shainaithin an múinteoir fócais foghlama agus réimse eispéiris foghlama spraíúla agus tarraingteacha oiriúnacha chun an fócas a thabhairt chun beatha. Áirítear leis na heispéiris foghlama cluiche dísle agus rólghlacadh bialainne.

Toradh/Torthaí Foghlama

Teanga ó Bhéal: Stór Focal: *úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúr, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid, agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí.*

Teanga ó Bhéal: Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe: *riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh go muiníneach.*

Fóca(i)s Foghlama

Focail agus frásaí nua a fhoghlaim agus a úsáid.

Ceisteanna a chur agus a fhreagairt:
Cad/Céard atá uait?
Tá ... uaim.

Eispéiris Foghlama

Obair Bheirte: Cluiche Dísle


Rólghlacadh bunaithe ar an mbialann

Measúnú agus Monatóireacht

An féidir leis na páistí na bianna éagsúla a ainmniú i nGaeilge?

An féidir leis na páistí na ceisteanna a chur agus a fhreagairt sa Chluiche Dísle?

Eispéireas Foghlama:
Cluiche Dísle



Treoracha don Eispéireas Foghlama


Tá na frásaí seo ar eolas ag na páistí cheana féin:
Mo sheal! / Do sheal! / Caith an dísle! / Dia duit! / Dia is Muire duit! / Conas atá tú? / Tá mé go maith. / Seo duit! / Go raibh maith agat.

1. Róil a thabhairt amach: A = Freastalaí, B = Custaiméir
2. Cuir an cárta sracfhéachana agus an dísle ar an mbord.
3. Chomh maith leis na frásaí atá ar eolas ag na páistí cheana féin (féach thuas) bain úsáid as na frásaí nua:
   A = Freastalaí: An cheist a chur- **Cad/Céard atá uait**?
   B = Custaiméir: Caith an dísle agus freagair an cheist bunaithe ar an íomhá ar an gcárta sracfhéachana:
   Tá anraith/ceapaire/sceallóga prátaí/ispíní agus prátaí/uachtar reoite/cáca seacláide **uaim**.
4. Malartaigh róil. Déan arís.

Ceisteanna Machnamhacha

Conas go ndéanfá oiriúnú ar an Eispéireas Foghlama seo chun freastal ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na bpáistí i do chomhthéacs?

Cén chuma a bheadh ar fhorbairt an Eispéiris Foghlama seo ó Chéim 1 go Céim 4?



Oide

Biachlár

























Oide